**Ceist i gcomhair freagra ó bhéal O-000030/2019**
**ar an gCoimisiún**
Riail 136
**Pascal Canfin**, **Peter Liese**, **Mohammed Chahim**, **Nils Torvalds**, **Pär Holmgren**, **Jadwiga Wiśniewska**, **Mick Wallace**
thar ceann an Choiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

Ábhar: Comhdháil 2019 na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide i Maidrid, an Spáinn (COP 25)

Cad iad na bearta atá á ndéanamh ag an gCoimisiún lena áirithiú go ndéanfar dul chun cinn suntasach le linn Chomhdháil Aeráide COP25 i Maidrid ionsar:

1 an obair ar Chlár Oibre Chomhaontú Pháras agus an leabhar rialacha a bhaineann le hAirteagal 6 de Chomhaontú Pháras a chríochnú go rathúil,

2 uaillmhian na ranníocaíochtaí arna gcinneadh go náisiúnta a mhéadú d'fhonn a áirithiú go mbainfidh gach páirtí sprioc amach atá níos giorra do sprioc fhoriomlán Pháras,

3 shlógadh an mhaoinithe don chomhrac i gcoinne an athraithe aeráide a mhéadú ó scálú d'fhonn an sprioc chomhpháirteach de USD 100 billiún in aghaidh na bliana a bhaint amach faoi 2020, agus a áirithiú go mbeidh sreafaí bliantúla airgeadais ar aon dul le sprioc fhadtéarmach Chomhaontú Pháras?

Curtha síos: 26.9.2019

Curtha ar aghaidh: 30.9.2019

Spriocam le haghaidh freagra: 7.10.2019